


Tuarascáil Bhliantúil



2015

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Chothromaithe Réigiúnach	9
Cuid 2: An Réigiún a Chur Chun Cinn	15
Cuid 3: Forbairt Réigiúnach	19
Cuid 4: Ciste Infheistíochta an WDC	23
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	27
Aguisíní	31
Aguisín 1: Comhaltaí Boird/Comhaltaí Coiste	32
Aguisín 2: Tinreamh an Bhoird	35
Aguisín 3: Táillí agus Speansais Boird	35
Aguisín 4: Tuarastal agus Speansais PF	36
Ráiteas Airgeadais 2015	35
Giorrúcháin	59

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Ó bunaíodh é, le cois a straitéisí féin a chur chun cinn, d'oibrigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) i gcónaí chun a chinntiú go mbreithnítear go hiomchuí leas Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde sa rialtas. Ní mór ár gcuid iarrachtaí sa réimse seo a threisiú sa bhliain atá romhainn. Ní mór dúinn é a bheith mar aidhm againn agus go n-éileimis rannpháirtíocht i gcroí thionscnaimh Rialtais le forbairt réigiúnach níos cothromaithe a chruthú.

Tógadh an t-alt roimhe seo ónár dTuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2014. Ba cheart go mbeadh sé áisiúil agus go bhfaighfí eolas go deimhin trí mhachnamh a dhéanamh ar cén dul chun cinn, más ann dó, a rinneadh ar an uailmhian sin thar an dá mhí dhéag ó shin. Is mór an t-ábhar misnigh é go bhfuilim in ann a thuairisciú go ndearnadh dul chun cinn maith sa tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil seo. Cuir i gcás, is forbairt shuntasach é Clár Caipitiúil 2016-2021 de €2 milliún sa chéad dá bhliain seo romhainn don Oifig um Fhorbairt Straitéiseach Réigiúnach atá beartaithe ag WDC ó thaobh feabhas a chur ar chumas an choimisiúin a shainchúram a chur i gcrích. Táimid ag tnúth leis an gcoincheap a fhorbairt in éineacht le gach roinn agus gníomhaireacht ábhartha sa bhliain seo amach romhainn.

Bliain mhaith a bhí in 2015 freisin don eagraíocht ar bhealaí éagsúla, na cúiseanna seo a leanas ina measc:

- Fuarthas os cionn €4 milliún i maoiniú AE le haghaidh clár ar fhuinneamh in-athnuaite, an geilleagar cruthaitheach agus earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide. Beidh caiteachas suntasach i gceist sna cláir sin agus beidh na céadta gnólacht ar fud an réigiúin in ann tairbhe a bhaint astu.
- Rinneamar bainistíocht ar chlár cuimhneacháin náisiúnta Yeats2015 (www.Yeats2015.com), ag nascadh le breis is 20 milliún duine tríd, agus ag taispeáint bhuaiceanna an réigiúin ar fud an domhain mhóir.

- Ceapadh beirt bhall foirne ar bhonn lánaimseartha agus triúr ball foirne go sealadach rud a léiríonn an iarracht atáimid a dhéanamh coinneáil leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí WDC.
- Cuireadh bailchríoch ar phlean nua um Beartas Straitéiseach agus Straitéis Cumarsáide suas go dtí 2018.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mbord agus leis an bhfoireann atá againn a oibríonn go dian dícheallach. Creidim go bhfuil caidreamh láidir oibre cruthaithe againn agus táim ag súil le neart eile a bhaint amach an bhliain seo amach romhainn.



Paddy McGuinness
An Cathaoirleach

TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí WDC ag iarraidh roimhe seo a shainchúram a fheidhmiú trí úsáid a bhaint as a bhuanna san fhorbairt réigiúnach, beartas agus fáil ar shaineolas airgeadais le cumas foráis a shainmhíniú agus ansin réitigh a phríomhshruthú laistigh de na mórchomhlachtaí stáit reatha.

Le tamall anuas, áfach, tá WDC ag méadú an chuir chuige sin trí mhodheolaíocht níos díri i leith forbairt agus feidhmiú smaointe foráis le comhlachtaí oiriúnacha réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoitinne. As sin d'eascair toradh ar mó a éifeacht agus a thionchar ar ár sainchúram. Sa lá atá inniu ann, mar sin de, cur chuige maoinithe atá againn ina bhfuil dóthain acmhainní leis na céadta post a choinneáil nó a chruthú go díreach i réigiún an lathair. Tá WDC anois ag féachaint le fostaíocht agus fiontraíocht réigiúnach a thabhairt chun tosaigh tríd an réigiún a nascadh go himheánach agus go hidirnáisiúnta le hacmhainní agus margaí araon. Táimid ag oiriúnú agus ag iarraidh dul i gceannas ar an gclár athruithe seo agus, dáiríre, is tábhachtach linn bunsócmhainní ár réigiúin a threisiú ar bhonn idirnáisiúnta maidir le freagra an stáit ar na dúshlán reatha.

Táimid ag obair inniu le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun fás fiontraíochta a spreagadh sna seacht bpríomhréimse seo a leanas:

- Gilleagar cruthaitheach
- Turasóireacht réigiúnach
- Rochtain ar airgeadas
- Fuinneamh in-athnuaite
- Teagmháil le Diaspóra
- Cur chun cinn an réigiúin
- Léargas agus anailís ar bheartas réigiúnach

Idir chláir dhíreacha spreagthaigh agus chur chun cinn indíreach agus nascadh na gcumas réigiúnach atá againn, tá na croíthorthaí seo a leanas gnóthaithe againn, i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, le déanaí anuas: thart ar 2,200 post coinnithe nó cruthaithe, €13.4 milliún aimsithe agus curtha ar fáil i gcomhair infheistíochta i bhfás post agus fiontraíochta go réigiúnach.

Ag breathnú ar aghaidh, is é an fhís atá againn dlús suntasach a chur leis an bhfás sin trí thionscnaimh chistithe a úsáid. Baineann go leor acu seo feidhm as saineolas agus acmhainní AE. Lena chois sin, tá WDC ag cuimsiú croíthéamaí EU2020, is é sin Cliste, Cuimsitheach, Inbhuanaithe, agus go dtí pointe, Rialachas, mar chuid dá phlean chun fíis réigiúnach 2020 a ghnóthú. Táthar ag súil gurb é an toradh a bheidh ar ár gcuid iarrachtaí ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus le tacaíocht an AE, go bhféachfaidh comhpháirtithe idirnáisiúnta le 19,000 post sa bhreis ar an 2,200 post sin a chruthú laistigh den réigiún forimeallach seo faoi 2020. Éiteas thar a bheith comhoibríoch is ea an bealach a ngnóthóimid seo agus an-tábhacht leis na údarais áitiúla, páirtithe leasmhara réigiúnacha agus go deimhin an AE chun torthaí fiontraíochta agus fostaíochta a dhéanamh dár n-iarrachtaí.

In 2015, chuir WDC tionscnaimh fás fostaíochta ar fáil, ar cuspóir dóibh cuidiú go praiticiúil le gnólachtaí agus le daoine aonair gnólachtaí a bhunú, a fheabhsú nó iad a mhealladh le gnó a dhéanamh anseo. Áiríodh leo sin:

- *Bithfhuinneamh In-athnuaite* – baineadh amach go rathúil tionscadal GREBE AE, ag cur ~€1.9 milliún ar leataobh sna blianta amach romhainn chun cabhrú le gnóthaí bithfhuinnimh réigiúnacha agus comhpháirtíochta fás.

CHIEF EXECUTIVE'S REPORT

- Ciste micri-iasachtaí do *thionscail chruthaitheacha* (Treoirthionscadal €1 mhilliún thar 3 bliana leathnaithe). Ag cur ar chumas gnóthaí réigiúnacha éagsúla cosúil le Nadura design agus Bandit Films a gcuid gnóthaí a fhás.
- *Éifeachtúlacht fuinnimh Fuinneamh In-athnuaite* – clár FREED AE cinntithe, a thabharfaidh deis d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bheith ag gabháil d'éifeachtúlachtaí fuinnimh mar thairbhíthe agus mar sholáthraithe araon.
- *An geilleagar cruthaitheach* – clár um Creative Momentum AE cinntithe – ag tógáil ar rath líonra www.mycreativeedge.eu a chuireann ar chumas breis is 400 micri-fhiontar beag agus meánmhéide réigiúnach margaí domhanda a rochtain agus fás.




Ian Brannigan

*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)
agus an Ceann Forbartha Réigiúnaí*

Mar thoradh orthu sin agus ar phríomhfhorbairtí eile, tá feabhas suntasach tagtha ar chumas na heagraíochta an sainchúram atá uirthi fostaíocht a chruthú a chomhlíonadh agus í féin a bhunú mar eagraíocht forbartha réigiúnaí atá féintuilleamaíoch agus ábalta.

Buíochas ó chroí le foireann WDC agus leis na comhpháirtithe réigiúnacha. Chabhraigh siad uile linn na torthaí seo a ghnóthú do réigiún an lathair.

RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Ráiteas Misin

Troid ar son fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha Réigiún Iarthar na hÉireann.

Ráiteas Físe

A bheith ar an ngníomhaireacht a dtéann cách chuici chun Réigiún Iarthar na hÉireann a fhorbairt.

Croí-Luachanna

- i. Comhoibriú: Bímid ag comhoibriú le gach eagraíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun Réigiún an Iarthair a fhorbairt
- ii. Ceannaireacht: Cothaímid ceannaireacht thar ghníomhaíocht gheilleagrach agus shóisialta taobh istigh de Réigiún Iarthar na hÉireann
- iii. Nuálaíocht: Spreagaimid agus cuirimid nuálaíocht chun cinn i bhforbairt Réigiún an Iarthair
- iv. Ionracas agus Iontaoibh: Déanaimid iarracht iontaoibh ár gcliant agus ar bpáirtithe leasmhara go léir a fháil trí bheith chomh hionraic agus is féidir linn a bheith i ngach ceann dár mbeartaíochtaí leo
- v. Inoiriúnaitheacht agus Solúbthacht: Tá WDC agus a fhoireann in ann dul in oiriúint d'ímthosca atá ag athrú agus iad solúbtha chuige sin


Struchtúr an WDC

Tá WDC comhdhéanta d'ocht comhaltai arna gceapadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (feic Aguisín 1 maidir le ballraíocht 2015).

Faigheann an Coimisiún tacaíocht ó choiste feidhmiúcháin tiomanta atá lonnaithe i dTeach an Diolúnaigh, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá foireann lárnach bhuan de 13 dhuine againn, a bhfuil saineolas acu ar anailís bheartais, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus seirbhísí corparáideacha.

Ina theannta sin, iarraidimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha speisialta agus ó ionadaithe ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil dheonach chun cabhrú linn le tionscadail éagsúla.

Struchtúr na hEagraíochta




Aidhmeanna Straitéiseacha WDC 2015-2018

- Eolas a thabhairt agus tionchar a imirt ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh
- Na tairbhí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún Iarthar na hÉireann a chur chun cinn.
- Forbairt gheilleagar an Iarthair a chur chun cinn bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a sholáthar do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus d'fhiontair shóisialta (agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú) trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF)
- An WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil, éifeachtach agus foghlama.



CUID I



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH

Eolas a thabhairt agus tionchar a imirt ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh.

Gné thábhachtach d'obair WDC is ea anailís ar shonraí agus treochtaí socheacnamaíocha laistigh de Réigiún an Iarthair. Leis seo, cuirtear bonn daingean eolais ar fáil le buncheisteanna agus dúshláin atá roimh Réigiún an Iarthair a aithint le cois bonn eolais a chur faoi chlár oibre WDC. Le linn 2015, d'fhoilsigh WDC roinnt foilseachán bunaithe ar an anailís sin.

Anailís ar Mhargáí Saothair

Dhírigh WDC go mór ar shaincheisteanna fostaíochta agus dífhostaíochta ina anailís ar bheartais le roinnt blianta anuas. Le linn 2015, d'fhoilsigh WDC roinnt foilseachán ina ndearnadh scrúdú ar shaincheisteanna lárnacha sa mhargadh saothair a bhain le Réigiún an Iarthair.

1. WDC Insights Léargais WDC Próifíl Earnála Réigiún an Iarthair

Cuirtear torthaí tábhachtacha i láthair in 'The Western Region's Sectoral Profile' maidir le patrún fostaíochta Réigiún an Iarthair de réir earnála. Déantar anailís ann ar an gcion de phoist an réigiúin i ngach earnáil gheilleagrach in 2014 chomh maith le cion Réigiún an Iarthair de na poist go léir i ngach earnáil ar bhonn náisiúnta. Déantar scrúdú freisin ar threochtaí thar 2004-2014 agus feidhmíocht na n-earnálacha i dtaca le poist sa réigiún le déanaí anuas.

Íoslódáil: [WDC Insights - The Western Region's Sectoral Profile-April 2015 \(PDF 0.2MB\)](#)



2. WDC Insights Margadh Saothair Réigiún an Iarthair

Sa WDC Insights seo sainaitnítear príomhthréithe Réigiún an Iarthair i dtaca leis an bhfórsa saothair, fostaíocht agus dífhostaíocht. Íoslódáil.

Íoslódáil: [WDC Insights - The Western Region's Labour Market-April 2015 \(PDF 0.2MB\)](#)





Fig 1. Population of the Western Region aged 15 years and over by economic status, Q1 2014



Source: CSO, Quarterly National Household Survey, Q1 2014, Table 1.Specialrun.

3. Margadh Saothair Réigiún an Iarthair 2004-2014

Tá sé riachtanach margadh saothair an réigiúin a thuiscint má táthar chun poist a chruthú, agus beartas fiontraíochta agus scileanna a fhorbairt go héifeachtach. Déantar anailís sa tuarascáil seo le WDC ar mhargadh saothair Réigiún an Iarthair, bunaithe ar shraith speisialta sonraí ó Shuirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlach na Príomhoifige Staidrimh le haghaidh 2004-2014. Déantar scrúdú ann ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar fhostaíocht pháirtaimseartha agus ar fhéinfhostaíocht, ar phróifíl post an réigiúin de réir earnála agus ceirde agus ar dhífhostaíocht.

Íoslódáil: [The Western Region's Labour Market 2004-2014-WDC Report March 2015 \(PDF 2.5MB\)](#)



4. Treochtaí i bhFostaíocht Chúnamh Gníomhaireachta i Réigiún an Iarthair

Tugtar fostaíocht a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí ar fhostaíocht i ngnóthaí a fuair tacaíocht ó cheann de na príomhghníomhaireachtaí fiontraíochta, a bhíonn dírithe ar easpórtálacha den chuid is mó. Rinne WDC anailís ar shonraí maidir leis na gnóthaí sin do Réigiún an Iarthair don tréimhse 2004-2013. Is é an aidhm léargais áisiúla a thabhairt do bheartas fiontraíochta, cruthú post agus forbartha réigiúnaí. Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair WDC Insights dhá leathanach le chéile [WDC Insights-Trends in Agency Assisted Employment in the Western Region-January 2015 \(PDF 241KB\)](#) agus tuarascáil iomlán [Trends in Agency Assisted Employment in the Western Region-WDC Report-January 2015 \(PDF 3.30MB\)](#) maidir leis an anailís sin. Chruthaigh WDC próifíl contae freisin le haghaidh gach ceann de na seacht gcontae.



Cuir i láthair maidir leis an Margadh Saothair

Thug Pauline White cuir i láthair ina raibh cuntas ar threochtaí fostaíochta agus margaidh saothair ar leibhéal contae agus réigiúnach ag Aontaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta i Maigh Eo (2 Meán Fómhair) agus i Ros Comáin (21 Deireadh Fómhair).


Anailís ar Ioncam agus ar Fhás Geilleagrach ar bhonn Réigiúnach

Thug WDC faoi anailís ar shonraí na Príomhoifige Staidrimh maidir le hIoncam Contae agus sonraí Réigiúnacha OTI le haghaidh 2012 agus d'ullmhaigh sé na foilseacháin seo a leanas atá ar fáil ar shuíomh gréasáin WDC.

(a) WDC Insights Treochtaí Léargais WDC in Ioncaim Contae i Réigiún an Iarthair

Tarraingítear aird sa WDC Insights gearr seo ar roinnt de na treochtaí in Ioncam Contae i Réigiún an Iarthair a ndearnadh imscrúdú orthu sa tuarascáil *Regional Income and Output*. Is féidir comparáid áisiúil a dhéanamh leis na sonraí ioncaim de réir contae i measc contaetha agus taispeántar treochtaí de réir a chéile.


Íoslódáil: [WDC Insights-Trends in County Incomes-Oct 2015 \(PDF 0.2MB\)](#)



(b) WDC Insights Léiríonn WDC Treochtaí in Aschur Réigiúnach

Cuirtear príomhshonraí i láthair in WDC Insights mar aon le hanailís ar threochtaí in oll-bhreisluch réigiúnach. Tomhaiseann sé sin gníomhaíocht aschuir agus gheilleagrach gach réigiún agus bítear in ann comparáid a dhéanamh i measc réigiún in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus taispeántar na hathruithe coibhneasta i measc réigiún de réir mar a théann an t-am ar aghaidh.

Íoslódáil: [WDC Insights- Trends in regional GDP_Oct 2015 \(PDF 0.2MB\)](#)





(c) Ioncam agus Aschur Réigiúnach - Tuarascáil WDC

Eisíonn an Phríomhoifig Staidrimh sonraí ar leibhéal contae gach bliain maidir le hioncam diúscartha teaghlaigh agus per capita mar aon le sonraí ar Oll-Bhreislúach (OBL) ar leibhéal réigiúnach. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhfhigiúirí agus treochtaí. Tugann sonraí ar Ioncam de réir Contae deis dúinn ioncaim i measc contaetha i Réigiún an Iarthair a chur i gcomparáid le chéile agus scrúdú a dhéanamh ar threochtaí de réir a chéile. Tá tábhacht leis na sonraí OBL ar leibhéal réigiúnach chun súil a choimeád ar leibhéil aschuir agus ar threochtaí go réigiúnach agus ar athruithe i measc réigiún freisin.

Íoslódáil an tuarascáil: [Regional Income and Output-2012 \(PDF 1.5MB\)](#)

Cur i Láthair faoi Phleanáil le haghaidh Forbairt Réigiúnach



Rinne Helen McHenry cur i láthair do Chomhdháil Bhliantúil Chumann na Staidéar Réigiúnach i gCorcaigh an 4 Meán Fómhair. Ba é *“Spatial Strategies, the National Planning Framework and Regional Spatial and Economic Strategies: a place for rural regions?”* teideal an chuir i láthair.

Blag *WDC Insights*

Tugtar tuairimí agus anailís ar mhíreanna atá ábhartha do Réigiún an Iarthair, d'fhorbairt réigiúnach agus do riachtanais réigiúnacha i mBlag Beartais WDC Insights gach seachtain. Is féidir é a léamh ar <https://wdcinsights.wordpress.com>

WDC Insights

providing insights on key issues for the Western Region of Ireland



WDC Insights

*providing insights on key issues for
the Western Region of Ireland*

[Home](#)
[About](#)

Rural Dwellers and Climate Change Mitigation

Posted on December 15, 2015

With The Paris Agreement at COP21 marking a turning point in the response to climate change, it is time now to consider how we will meet those targets in Ireland. In anticipation of the enactment of the Climate Action and ... [Continue reading →](#)

Posted in [Uncategorized](#) | [Leave a comment](#)

Rural poverty rates higher than urban rates

Posted on December 7, 2015

The CSO released the latest data on Income and Living Conditions on 26th November. The headline figures indicate a rise in incomes – increasing by 3.5% between 2013 and 2014, which in turn was higher than the figure in 2012. ... [Continue reading →](#)

Posted in [Uncategorized](#) | [Leave a comment](#)

Public Policy Priorities in 2016 and Beyond

Posted on December 17, 2015

A seminar entitled Ireland's Policy Priorities after the next General Election, on November 2nd provided a welcome break from the recent talk of Budget giveaways and election promises. Organised by the Policy Institute, Trinity College Dublin, in association with the ... [Continue reading →](#)

Posted in [Economy](#), [Energy](#), [Infrastructure](#), [Regional Development](#), [Rural Development](#) | Tagged [Infrastructure](#), [jobs](#), [national disaster](#), [Regional policy](#), [Rural](#) | [Leave a comment](#)

Realising the Hidden Potential of Ireland's Towns

Posted on November 8, 2015

One third of Irish people live in towns. However, over many years towns have not received the level of attention and support necessary to ensure a sustainable future in the face of change. In Kilkenny yesterday,[1] the Heritage Council hosted ... [Continue reading →](#)

Posted in [Economic Sectors](#), [Economy](#), [Regional Development](#), [Rural Development](#) | [Leave a comment](#)

Survey shows 60% of creative entrepreneurs working on their own

Posted on October 29, 2015

Later today (29 October), the WDC will launch a new transnational project to support the development of the creative industries sector. The new three-year, €2m transnational creative momentum project aims to support creative entrepreneurs through innovation and skills development, opportunities ... [Continue reading →](#)

Posted in [Creative Industries](#), [Economic Sectors](#), [Enterprise](#), [Uncategorized](#) | Tagged [Creative Industries](#), [Enterprise](#), [Western Region](#) | [Leave a comment](#)

County Incomes and Regional GDP 2012- WDC Report published

Posted on October 27, 2015

The WDC has just published Regional Income and Output-An Analysis of County Incomes and Regional, 2012 which examines income data for the Western Region counties and

*providing insights on key issues for the
Western Region of Ireland*

Follow Blog via Email

Enter your email address to follow this blog and receive notifications of new posts by email.

Recent Posts

- The Southern Regional Spatial and Economic Strategy - Beyond Cities
- Developing a Strategy for the Northern and Western Regions
- Exploring Energy Infrastructure: Natural gas connections and use
- Travel to work profile of workers living in the Western Region
- WDC Policy Analysis 2017

Recent Tweets

My Tweets

Categories

- Agriculture
- Broadband
- Creative Industries
- Economic Sectors
- Economy
- Employment
- Energy
- Enterprise
- Infrastructure
- Local Government
- Population
- Regional Development
- Regional Statistics
- Roads
- Rural Development
- Settlements
- Transport
- Uncategorized

Taps

agency assisted Broadband
Census 2016 Clare counties
CSO data Data
Donegal employment
Enterprise 1st Galway IDA
Infrastructure jobs
labour market Leitrim
Mayo Population
regional disparity
Regional GDP
regional policy
Roscommon Rural Sectors
Sligo unemployment urban centres
Western Region

Meta

• Register


Bonneagar

Fuinneamh



Rinne WDC na haighneachtaí seo a leanas ar shaincheistanna a bhain le bonneagar fuinnimh in 2015:

- Chuig an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh an 13 Márta 2015 mar fhreagra ar chomhairliúchán i dtaca le tograí Gas Networks Ireland ar Bheartas maidir le Naisc Nua.
- Chuig Comhairliúchán EirGrid, *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow*. Ba aighneacht ar líne a bhí anseo i pro forma.
- Bhí WDC rannpháirteach i seimineár comhairliúcháin EirGrid i Sligeach in 2015
- Rinneadh ionadaíocht ar WDC ar fhochoiste Chumann Bithfhuinnimh na hÉireann maidir leis an Dreasacht i gcomhair Teas In-athnuaite atá á forbairt ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.
- Seoladh aighneacht chuig comhairliúchán na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha maidir leis an Dreasacht i gcomhair Teas In-athnuaite- Athbhreithniú Teicneolaíochta i Meán Fómhair 2015.



Teileachumarsáid

Tá ráite ag WDC ó 2001 go bhfuil gá le bonneagar leathanbhanda feabhsaithe agus le seirbhísí níos fearr i Réigiún an Iarthair. Cé go bhfuil leathanbhanda bunúsach ar fáil go forleathan, teastaíonn seirbhísí leathanbhanda den chéad ghlúin eile anois ó chách. Fuair an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) amach gurb é an chéad ghlúin eile de Leathanbhanda an t-easnamh bonneagair is tábhachtaí a chuireann isteach ar phobail faoin tuath.

In 2015, sheol an Rialtas a dréachtstraitéis idirghabhála maidir lena Phlean Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile. Leagtar síos go mion sa Straitéis sin conas atá sé i gceist ag an Stát tacú le seachadadh leathanbhanda den chéad ghlúin eile ar chách. Cuirfidh an idirghabháil sin atá beartaithe an réiteach ar fáil chun leathanbhanda a sheachadadh faoin tuath as seo go ceann fiche bliain agus ina dhiaidh sin.

I mí Mheán Fómhair tugadh cuireadh do WDC chuig comhphlé 'Going Local 2015' ar Leathanbhanda a d'óstáil an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Alex White T.D. agus an tAire Stáit um Ghnóthaí Tuaithe, Anne Phelan T.D. mar aon leis an gCoimisinéir Phil Hogan (Beartas Talmhaíochta agus Tuaithe), agus an Coimisinéir Corina Cretu (Beartas Réigiúnach). Ceapadh an comhphlé chun tuairimí a fháil ó pháirtithe leasmhara tuaithe agus réigiúnacha cosúil le WDC i dtaca le hidirghabháil bheartaithe an Stáit agus chun feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh a shainiú.

Rinne WDC na haighneachtaí seo a leanas maidir le Leathanbhanda in 2015:

- Chuig an Roinn Cumarsáide maidir le Comhairliúchán Mapála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda
- Chuig Comhairliúchán Poiblí na Roinne Cumarsáide i dtaca le hidirghabháil Straitéis an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda

Tá siad seo le fáil ó:

www.wdc.ie/publications/submissions



Lasta Iarnróid agus Réigiún an Iarthair

Choimisiúnaigh WDC Staidéar chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhain le trácht lastais iarnróid nua a bheadh ag freastal ar Réigiún an Iarthair agus na beartais is gá a aithint chun tacú le haistriú córa iompair níos mó chuig lasta iarnróid.

Leagtar amach sa tuarascáil fhoilsithe an ghníomhaíocht reatha maidir le lasta iarnróid, trí cinn de na ceithre sheirbhís lasta iarnróid atá i bhfeidhm faoi láthair ag tosú nó ag críochnú i Réigiún an Iarthair, agus saináithnítear an fhéidearthacht le haghaidh trácht lasta iarnróid nua. Tairgeann lasta iarnróid, san áit a bhfuil sé ar fáil, roinnt buntáistí thar iompar ar bóthar. Gineann sé níos lú ná an ceathrú cuid de na hastaíochtaí a thagann ó tharlú bóthair, tógann sé trácht earraí troma de na bóithre (is féidir le gach ualach traenach 18 n-ualach truicail ar a laghad a bhaint den líonra bóthair) agus is féidir leis rogha eile a chur ar fáil, rud lena seachnaítear bealaí plúchta. Nuair a bhíonn fáil ar lasta iarnróid cruthaítear buntáiste suímh do réigiún freisin, cuir i gcás cuideachtaí a dteastaíonn modh iompair uathu atá iontaofa, cost-éifeachtúil agus lena ngabhann astaíochtaí níos ísle. Íoslódáil [WDC Rail Freight Study Final Report](#)

- Bhí WDC fós rannpháirteach i nGrúpa Lasta Iarnróid Chumann Onnmhaireoirí na hÉirean.
- Bhí WDC rannpháirteach i seimineár ar Iompar agus Lóistíocht *Supply Chain in the West of Ireland – Past, Present and Future* i gClár Chlainne Mhuiris i mí Mheán Fómhair.




Beartas Tuaithe

Bhí Deirdre Frost rannpháirteach i gClár Faisnéise ar RTÉ ar chúrsaí faoin tuath in Éirinn dar teideal 'The Battle for Rural Ireland' a craoladh Dé Luain, 9 Márta ar RTÉ Bealach a hAon agus craoladh é arís níos déanaí sa bhliain.



CUID 2




AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN

AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN

Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

Príomhéachtaí in 2015




An treoir ar líne do Ghnó, Obair agus an Saol in Iarthar na hÉireann.

Bhain LookWest.ie leas in 2015 as rath an tsuimh gréasáin nua-dheartha atá fíor-dhinimiciúil agus an-fhísiúil atá bunaithe ar riachtanais an fhiontraí, an infheisteora agus an chuardaitheora poist. D'aimsigh muintir LookWest.ie inneachar nua don Leathanach Contae (Let's Live) ag díriú ar leideanna uathu siúd atá ar an eolas faoi chúrsaí áitiúla / na deich rud is fearr atá le déanamh / cás-staidéir aonair i ngach contae.

Méadaíodh an trácht ar an suíomh gréasáin dá bharr sin:

- Méadú 13% ar chuairoteirí chuig an suíomh gréasáin.
- Méadú 70% ar thrácht cuardaigh orgánaigh mar gheall gur dírfódh go láidir ar SEO.
- Méadú 51% ar chur i gcrích spriocanna. I measc na spriocanna sin bhí clár scileanna, poist, nuacht agus aighneachtaí maidir le himeachtaí.
- 5,000 amharc ar ár 'West of Ireland Start-Up Guide' agus 1,500 amharc ar ár dtreoir 'Invest West' a ndéantar nuashonrú rialta orthu.
- Tá lucht féachana meán sóisialta de 17,000 lucht leanúna ar an iomlán againn agus liosta eZine an-bhríomhar de bheis is 6,000 sintiúsóir.



Bhí LookWest.ie rannpháirteach ag MeetWest, an ócáid líonraithe gnó is mó in Iarthar na hÉireann ag ar tugadh os cionn 300 cuideachta agus 4,500 cruinniú gnó le chéile le raon leathan cuideachtaí ó Iarthar na hÉireann agus níos faide ó bhaile. Is comhpháirtíocht i gcomhair gnó a sheachadann MeetWest, idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Fiontar Áitiúil na Gaillimhe, Comhairle Contae Ros Comáin, Oifig Fiontar Áitiúil Ros Comáin, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Oifig Fiontar Áitiúil Mhaigh Eo, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann.



D'oibrigh LookWest.ie i gcomhpháirt le Coiste Feidhmiúcháin Fhleadh Cheoil Shligigh chun oibriú go gníomhach le daoine a thugann cuairt ar Shligeach as gach cearn den tír agus níos faide i gcéin. Cuimsíodh san fheachtas promóisin idir LookWest.ie / Fleadh Cheoil Shligigh 2015 do réigiún an Iarthair grafaicí statacha oiriúnacha, píosaí físeán, teachtaireachtaí scrollaithe ar feadh an imeachta agus cuireadh Réigiún an Iarthair chun cinn os comhair lucht féachana ina raibh timpeall 350,000 duine.

County Sligo, Sligo News

Top 10 Things To Do in Sligo

October 15, 2015 / In County Sligo, Sligo News / by LookWest.ie

We have been overwhelmed with the passion of Sligoians for things to do in their county that keeping it to just 10 was a struggle!

One of the very best things about Sligo is that it is a small county. For those visiting or already living here, all of the suggested things to do below aren't more than 30 minutes away from Sligo town.

The other great thing about this beautiful county is that because it's off the beaten path, even in the height of summer, you can find the most beautiful empty beaches where nobody will bother you for miles. Locals aren't jaded by volumes of visitors and so the welcome is always a warm and personal one. We can vouch for that.

Here are our Top 10 Things to Do in Sligo.

1. **Climb a mountain**

Whether you are looking for a short hilltop hike or the excitement of conquering Sligo's Table Mountain, there are mountain-climbing options in Sligo to suit all fitness levels.

- **Climb Knocknaree.** In Irish mythology Knocknaree is the burial place of the beautiful Warrior Queen Maeve of Connaught. She is said to be buried upright in the cairn at the summit of Knocknaree, spear in hand, still facing her enemies in Ulster. Until 2014 those wanting to visit Queen Maeve's cairn on the summit of Knocknaree had to use the rugged path from the car park on the south side of the mountain. This is a shorter route (about 45 mins) and has the added benefit of a little crepe stall in the car park for a treat when you get back. The Queen Maeve trail enables you to climb Knocknaree directly from the village without the need for a cable car. It is 2.4km in length and involves an ascent of about 300m. The climb takes approximately 1 hour and the descent approximately 40 minutes (1.5 - 2 hours total duration). Good footwear is recommended as the trail can be both wet and slippery.

D'éirigh go maith linn freisin sna réimsí seo:

Sligo Chamber WDC LookWest.ie IT Sligo Enterprise Ireland Sligo Rural Enterprise WestDIC SIFio

An Malartú idir Fiontraithe


Déardaoín, 26 Samhain, bhailigh 27 fiontraí nua as gach cearn den tír in Óstán an Radisson i Sligeach chun cabhrú lena ngnó a fhás ag The Exchange, ócáid chomhoibríoch faoi stiúir phríomhfhiontraithe na hÉireann. Is clár cónaitheach meantóireachta gnó 24 uair an chloig é The Exchange a ceapadh chun an t-eolas, na scileanna agus eispéiris roinnt de na fiontraithe is rathúla in Éirinn a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile atá ag teacht chun cinn. Is é Fergal Broder as Lotus Works a smaoinigh air seo an chéad lá riamh, déanann Sligo Chamber éascaíocht ar The Exchange agus faigheann an ócáid tacaíocht ó Choimisiún Forbartha an Iarthair, an Líonra Fiontar Eorpach, IT Shligigh agus Westbic. Thug painéal 30 ceannaire gnó – as gach cearn den tír – a gcuid ama le meantóireacht agus comhairle a thabhairt d'fhiontraithe úra óga. Tá sé mar aidhm ag The Exchange, tionscnamh ceannródaíoch náisiúnta, malartú eolais, eispéireas agus foghlama a éascú idir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus na fiontraithe is mó taithí in Éirinn. Gach duine de na fiontraithe a ghlac páirt, thug siad a gcuid ama agus saíneolais go deonach le rud éigin 'a thabhairt ar ais' do ghnólaigh bheaga agus mheánmhéide atá ag iarraidh teacht sna sala orthu. Thairg The Exchange lá iomlán de chruinnithe meantóireachta gnó saincheaptha do chomhlachtaí rannpháirteacha agus dinnéar líonraithe ag dul leis.



YEATS 2015 – Comóradh náisiúnta fréamhaithe in Iarthar na hÉireann

Ba é an fhís le haghaidh Yeats2015 “saol, saothar, tionchar agus éachtaí W.B. Yeats a chomóradh, rud a léireodh Éire agus go háirithe Iarthar na hÉireann mar áit dhinimiciúil chruthaitheach”. Bhíothas in ann an cuspóir sin a chur i gcrích trí fhís, iarracht agus soiléire chomhoibríoch Grúpa Stiúrtha tacúil ina raibh ionadaithe ó na healaíona, ón Rialtas agus ó ghnó – go réigiúnach agus go náisiúnta. Á mhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus arna riar ag Coimisiún Forbartha an Iarthair, is é Yeats2015 an chéad chomóradh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar dhuine mór le rá i saol liteartha na hÉireann. Bhí páirtithe leasmhara sa bhaile agus ar fud an domhain mhóir páirteach in Yeats2015 agus léirigh siad tionscnaíocht agus tacaíocht dó rud a tharraing aird ar an bhféidearthacht a bhain le comhaontais agus comhoibriú straitéiseach. Bunaithe ar na chéad dréacht-fhigiúirí, meastar go ndeachaigh Yeats2015 i gcion ar beagnach 20 milliún duine go hidirnáisiúnta. B’fhiú os cionn €4 mhilliún ar an iomlán an ghníomhaíocht chaidrimh phoiblí a bhain leis.


Thug an comóradh bliana seo inspioráid do shaothair nua cruthaitheachta – lena n-áirítear an coimisiúnú ar chóirithe nua ceoil sa Cheoláras Náisiúnta – agus bhí gach cineál taibhithe i gceist leis an gclársceidealú, lena n-áirítear amharclannaíocht, damhsa, ceadal, litríocht




Featured Readings

More Readings on YouTube

Seamus Heaney




Michael O'Muircheartaigh - Fiddler Of Dooney




Eva Murray - In Memory of Eva Gore-Booth and Con Markiewicz




Damien Brennan - White Birds




Dan Mulhall - The Wild Swans At Coole



Professor Meg Harper - Lapis Lazuli



Mary Robinson - The Song Of Wandering Aengus by W.B. Yeats



agus ceol. Bhí aoisghrúpaí as gach glúin ag gabháil do Yeats2015 freisin, agus dhírigh tionscadail ar leith ar leanaí, agus bhí roinnt tionscadal bunaithe ar an ollscoil. Roghnaíodh ionaid agus téamaí d’fhonn a chinntiú gur freastalaíodh ar gach cineál lucht féachana. Bhí filíocht Yeats feiceálach freisin ar feadh na bliana (agus timpeall an domhain) le sraith dánta ar Transport for London (Tube / Underground), DART, Luas agus Shanghai Metro. Meastar go dtéann 80,000 duine ar an DART gach lá, agus téann suas le 8 milliún duine tríd an stáisiún Shanghai Metro ina bhfuil na carráistí le filíocht Yeats.

Is léir gur chuir Yeats2015 in iúl na deiseanna móra a bhaineann le comhpháirtíochtaí sineirgisteacha a fhorbairt thar earnálacha ealaíon, cultúrtha, príobháideacha agus rialtais – agus an méid a dhéanann siad d’fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleaghrach.



WB Yeats goes underground to celebrate his 150th birthday

MORE ABOUT POEMS ON THE UNDERGROUND

CUID 3



FORBAIRT RÉIGIÚNACH



Forbairt gheilleagar an Iarthair a chur chun cinn bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.

Fuinneamh in-Athnuaite

'Fiontar Gnó um Fhuinneamh In-athnuaite a Ghiniúint' (GREBE)

Mar thoradh ar RASLRES agus BioPAD, sainaithníodh roinnt riachtanais timpeall ar réimsí a bhain le gnóthaí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus tacú le micrea-ghnóthaí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide san earnáil seo. Forbraíodh coincheap tionscadail ar ar tugadh 'Fiontar Gnó um Fhuinneamh In-Athnuaite a Ghiniúint (GREBE)'. Faomhadh an tionscadal sin sa dara gairm ar Chlár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh an 10 Meitheamh. Tá buiséad €1.77 milliún aige seo thar thrí bliana agus cuireadh tús leis an 1 Meán Fómhair 2015. Déanfaidh Pauline Leonard comhordú ar an tionscadal do WDC. Díreoidh sé ar na dúshláin atá ag réigiún fhorimeallacha agus ag réigiún an Artaigh mar áiteanna chun gnó a dhéanamh iontu, agus cuideoidh sé chun deiseanna gnó a eascraíonn as fíor-dhrochairsir i bhfuinneamh in-athnuaite a fhorbairt.

Bíonn dúshláin le sárú ag fiontraíthe Fuinnimh In-athnuaite a oibríonn i réimse an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh lena n-áirítear easpa mais chriticiúil, lonnaithe scaipthe, droch-inrochtaineacht, leochaileacht d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus aithnítear go bhfuil teorainn le deiseanna líonraithe mar gheall ar chomh himeallach leo. Tabharfaidh GREBE na scileanna agus an muinín d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí nuathionscanta chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin sin agus sócmhainní nádúrtha áitbhunaithe a úsáid i gcomhair Fuinneamh In-athnuaite ionas go mbeidh an tionchar inbhuanaithe is fearr aige. Rannchuidíonn an earnáil fuinnimh in-athnuaite le forbairt réigiúnach agus tuaithe inbhuanaithe agus tá an cumas aici fás sa todhchaí.

Díreoidh GREBE ar chuideachtaí nuathionscanta agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus tacóidh sé leo agus le céimithe nua atá ag obair san earnáil fuinnimh in-athnuaite agus lonnaithe i gceann de shé réigiún comhpháirtíochta an tionscadail atá rannpháirteach in Éirinn, Tuaisceart Éireann, Albain, an Fhionlainn, an Iorua agus an Íoslainn. Beidh táirgí agus seirbhísí GREBE áisiúil freisin d'eagraíochtaí reatha a bhfuil baint acu le fuinneamh in-athnuaite, le húdarais áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí comhairleacha gnó, chomh maith le forais taighde agus forbartha, grúpaí teicneolaíochta, agus ollscoileanna agus institiúidí oideachais eile a bhfuil spéis acu i bhforbairt gheilleagrách faoin tuath agus/nó i bhfuinneamh in-athnuaite..



Tacóidh GREBE le cuideachtaí nuathionscanta fuinnimh in-athnuaite agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide:

- Chun a ngnó a fhás, poist a sholáthar go háitiúil, agus freastal ar éilimh fuinnimh na bpobal áitiúil.
- Trí thacú le héagsúlú chumas teicneolaíochta na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na ngnólaigh nuathionscanta sa chaoi is go mbeidh siad in ann leas a bhaint as dálaí nádúrtha a gcuid suíomhanna.
- Trí fhuinneamh in-athnuaite a sholáthar, cuirfear treoir agus meantóireacht shaincheaptha agus oile ar fáil lena chinntiú go mbeidh an t-eolas agus an saineolas ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag gnólaigh nuathionscanta chun a ngnó a fhás agus a leathnú.
- Trí ardán a sholáthar chun eolas a roinnt ar bhonn trasnáisiúnta chun cumas iomlán earnáil an fhuinnimh in-athnuaite a léiriú trí nuálaíochtaí maidir le teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite a thaispeáint agus inrochtaineacht ar shaineolas agus ar thacaíocht ghnó a neartú go háitiúil agus i réigiún eile an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh.
- Chun nascadh le gnóthaí fuinnimh in-athnuaite eile chun deiseanna nua a fhorbairt go háitiúil, go réigiúnach agus go trasnáisiúnta trí Mhol Smaointe d'Fhuinneamh Fíorúil.
- Trí thaighde a dhéanamh ar na próisis atá ag feidhmiú san earnáil chun tuiscint ar riachtanais na hearnála a fheabhsú agus an cás a dhéanamh go dtacódh an beartas poiblí leis an earnáil.

Bhí glaonna comhdhála ar siúl ag cuibhreannas an tionscadail ar bhonn coicíse ón 4 Meán Fómhair, agus bhí a gcéad chruinniú tionscadail ag cuibhreannas an tionscadail (faoi

chathaoirleacht Pauline Leonard) san lúr, Co. an Dúin Dé Máirt, 10 Samhain agus Dé Céadaoin, 11 Samhain. D'fhreastail Pauline Leonard, Ian Brannigan agus Helen McHenry ar an gcruinniú. Seolfar an tionscadal go hoifigiúil i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo i mí Feabhra 2016.

ROKWOOD

**Réigiún na hEorpa ag cothú
nuála i gcomhair táirgeadh
inbhuanaithe agus úsáid
éifeachtach bithmhais adhmaid.**



Is tionscadal FP7 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é tionscadal ROKWOOD ina bhfuil sé bhraisle réigiúnacha Eorpacha (an Ghearmáin, an Pholainn, an tSualainn, an Spáinn, Iardheisceart Shasana agus Éire) agus eintitis taighde, údarais áitiúla agus fiontair bheaga agus mheánmhéid. Is é atá i mbraisle na hÉireann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), DIT agus Biotricity. Is é fócas an tionscadail forbairt roschoill ghearruainíochta (barra fuinnimh) sna réigiúin.

Is é aidhm thionscadal ROKWOOD cuidiú le cruthú na ndálaí cuí margaidh agus an creat polasaí a fheabhsú le haghaidh tuilleadh barra fuinneamh adhmaid a chur agus a úsáid i bplandálacha gearruainíochta (SRP). Go sonrach tá ROKWOOD ag tacú le comhoibriú idir sé bhraisle taighde Eorpacha d'fhonn taighde agus forbairt teicneolaíochta agus glacadh margaidh a fheabhsú agus infheistíochtaí a mhéadú i dtáirgeadh agus úsáid bithmhais adhmaid ag an leibhéal réigiúnach.

Mar chuid den chomhordú idir comhpháirtithe bhraisle na hÉireann, bhí cruinnithe míosúla ar siúl le dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí na bPacáistí Oibre a phlé. Cuimsítear sa phlé ag cruinnithe braisle obair ar an gComhphlean Gnímh, tuairiscí ar ghníomhaíochtaí tionscadail agus uasdátuithe ar shainnithint braislí breise Eorpacha agus idirnáisiúnta, forbairt straitéisí idirnáisiúnta comhoibrithe, malartú dea-chleachtais, eagrú cuairteanna ar shuíomhanna, malartuithe foirne, forbairt saintreoir polasaí do straitéisí forfheidhmiúcháin amach anseo, comhfhoilseacháin, forbairt ábhar poiblíochta agus faisnéise.

Tionóladh cruinnithe comhpháirtíochta gach cúig mhí. Bhí an 6ú cruinniú do chomhpháirtithe tionscadail ROKWOOD ar siúl i Vársá, an Pholainn an 19-21 Bealtaine. Rinne Ian Brannigan agus Pauline Leonard ionadaíocht ar WDC ar an gcruinniú. D'fhreastail 24 comhpháirtí ó na sé réigiún braisle ar an gcruinniú tionscadail seo. I measc na nithe a pléadh ag an gcruinniú tionscadail bhí athbhreithniú ar na tascanna agus na pacáistí oibre a cuireadh i gcrích go dtí seo, ceanglais bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe an Choimisiúin Eorpaigh agus na tascanna atá fós le cur i gcrích. Ina measc sin tá forbairt ar 'áit mhargaidh' nó líonra ar shuíomh gréasáin

an tionscadail, ceardlanna oiliúna a bheidh le cur ar bun i ngach réigiún, malairtí foirne agus comhfhoilseacháin, agus ábhar promóisin agus faisnéise a fhorbairt, agus tionscadail a fhorbairt sa todhchaí. D'eagraigh comhpháirtithe na Polainne cuairteanna láithreáin chun cuairt a thabhairt ar cheann de na gléasraí cumhachta is teasa in éineacht is mó san Eoraip a chuireann uisce te ar fáil do 1.2 milliún saoránach, plandáil sailí de c.500 heicteár, agus bunscoil le 300 dalta a oibríonn coire bithmhaise ar fhéar a fhásann go háitiúil.

Ba chuid mhór d'obair an tionscadail seo a bhí i Malairtí Foirne agus in aistriú eolais i rith 2015. Bhí Pauline Leonard rannpháirteach i malartú foirne in Lund i réigiún Skåne sa tSualainn ón 21-25 Meitheamh. Bhí comhpháirtithe eile as an nGearmáin agus an Spáinn rannpháirteach anseo. Tharla an dara malartú foirne in Granada sa Spáinn ón 5-Iúil agus d'fhreastail Pauline Leonard agus Caroline Coffey ar an gceann sin. Ach an oiread le hÉirinn, táthar ag brath rómhór ar ola chun uisce te a chur ar fáil do phobail tuaithe agus d'fhoirgnimh aonair.

Rinne WDC óstáil ar mhalartú foirne na hÉireann ón 14-16 Iúil, agus bhí rannpháirtithe as an bPolainn agus an Spáinn i láthair. Áiríodh leis sin seimineár ar Sholáthar Teasa san Earnáil Phoiblí a bhí ar bun sa Harbour Hotel i nGaillimh an 15 Iúil 2015. D'éirigh go maith leis an ócáid, agus labhair daoine ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Errol Close), SDCL a dhéanann bainistiú ar an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (Áine Shaffrey), comhairleoir ar fhuinneamh in-athnuaite agus saineolaí ar ESCOnna (Steve Luker) agus ó Údarás na Gaeltachta (Gerry D'Arcy). Bhí 26 rannpháirtí ann, lena n-áirítear comhpháirtithe an tionscadail as an Eoraip, daoine a fhásann saileach / bithmhais, foireann gníomhaireachta fuinnimh, fostaithe údarás áitiúil agus fostaithe ó institiúidí oideachais tríú leibhéal / forais taighde. Fuarthas aiseolas an-dearfach toisc gur deis líonraithe an-tábhachtach a bhí sa cheardlann seo don tionscal tearcforbartha in Éirinn. Tugadh cuairt ar láthair an choir bithmhaise agus ar líonra téimh ceantair ag campas Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe agus tugadh cuairt ar ghléasra Aurivo CHP i mBealach an Doirín.

Cuireadh deireadh leis an tionscadal seo an 30 Samhain, agus bhí an cruinniú deiridh le comhpháirtithe agus comhdháil ar siúl an 19-20 Deireadh Fómhair sa Bhruiséil. Bhí Pauline Leonard agus Ian Brannigan i láthair ansin. Díriodh na gníomhaíochtaí ag an am ar thorthaí an tionscadail a scaipeadh agus ar thuascáil deiridh an tionscadail a ullmhú atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROKWOOD (<http://www.rokwood.eu/public-library/final-publication/send/29-final-publication/57-rokwood-final-publication.html>).

Tá tuilleadh sonraí ar fáil faoin tionscadal ar an suíomh gréasáin (www.rokwood.eu)



Scéim Téimh Ceantair (DHS) Bhaile Ros Comáin

Cuireadh deontas AE i gcomhair cúnamh teicniúil i bhfeidhm in 2015 (€184,000). Go bunúsach chuir sé sin ar chumas Chomhairle Contae Ros Comáin an measúnú ar an scéim DHS a chur chun cinn sula ndeachaigh sí chun margaidh lena chur i bhfeidhm go hiomlán.

Geilleagar Cruthaitheach

tionscadal creative momentum

Cuireadh tús le tionscadal nua trasnáisiúnta trí bliana ar fiú €2 mhilliún é chun tacú le forbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach ar fud Imeall Thuaidh na hEorpa i mí na Bealtaine 2015. Is é WDC an príomh-chomhpháirtí le haghaidh *tionscadal creative momentum*, agus bhí OÉ, Gaillimh mar chomhpháirtí freisin le comhpháirtithe eile in Oirdheisceart Thuaisceart Éireann, Lár na Sualainne, Oirthuaisceart na hÍoslainne agus Tuaisceart na Fionlainne.



Tabharfaidh *tionscadal creative momentum* faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:



- Meantóireacht agus tacaíocht chun scileanna cruthaitheacha agus gnó a fhorbairt agus chun táirgí nua/smaointe maidir le seirbhísí a chruthú
- Lucht cruthaitheach a nascadh le chéile aghaidh ar aghaidh agus ar líne – go háitiúil, go réigiúnach agus ar fud Imeall Thuaidh na hEorpa
- Fáil ar mhargaí nua idirnáisiúnta a éascú go fisiceach agus ar líne trí www.MyCreativeEdge.eu

- Tuiscint ar earnáil na dtionscal cruthaitheach a mhéadú

Seoladh an tionscadal go hoifigiúil an 29 Deireadh Fómhair ag The Dock, i gCora Droma Rúisc.

MyCreativeEdge.eu

Ba bhliain an-ghnóthach a bhí in 2015 do shuíomh gréasáin (www.mycreativeedge.eu)



Faoi *tionscadal creative momentum* ceapadh cuideachta deartha gréasáin chun an suíomh a athfhorbairt go hiomlán. Déanfar athsheoladh ar an suíomh in 2016. Cuireadh dhá réigiún nua – Oirthuaisceart na hÍoslainne agus Lár na Sualainne – leis freisin.


Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí a bpróifíl foilsithe ar líne saor in aisce ag 600 cleachtóir cruthaitheach ó Imeall Thuaidh na hEorpa ar MyCreativeEdge agus thug os cionn 30,000 duine cuairt ar an suíomh i rith na bliana.



Comhdháil an Chraoibhín 2015

Thacaigh WDC arís eile le Comhairle Contae Ros Comáin chun Comhdháil bhliantúil an Chraoibhín a eagrú. Ba é téama 2015 'Saving the notes of nationality: A Celebration of the Protectors of Irish Heritage' ina ndearnadh comóradh ar chosantóirí oidhreacht na hÉireann, agus bhí an chomhdháil ar éirigh thar cionn léi ar siúl i mBealach an Doirín an 16 Iúil.

CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC

CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC

Caipiteal riosca a sholáthar do Mhicrifhiontair, d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, agus d'Fhiontair Shóisialta (agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú) trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF).

Is ciste bainistithe de chuid WDC é Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) trína soláthraítear caipiteal riosca (caipiteal síl agus fiontair agus airgead ar iasacht) do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta. Is ar bhonn tráchtála a fheidhmíonn an ciste agus déantar infheistíocht gnáthscaireanna trí úsáid Phrionsabal Infheisteoirí Gheilleagar an Mhargaidh. Tugtar iasachtaí ar théarmaí tráchtála agus is é an Ráta Tagartha d'Éirinn an ráta úis a ghearrtar.

Go dtí seo, tá breis agus €45,651,926 milliún infheistithe ag WDC in 128 fiontar beag agus meánmhéide, micrifhiontar agus fiontar sóisialta sa réigiún.

In 2015, d'infheistigh WDC €1,569,665 i 15 fiontar beag agus meánmhéide, micrifhiontar agus fiontar sóisialta a thairgeann fostaíocht ardoilte i réimse earnálacha ó ghléasanna leighis agus forbairt bogearraí go déantúsaíocht ardteicneolaíochta agus tionscail chruthaitheacha le cois seirbhísa a bhfuil géarghá leo i bpobail áitiúla. Ghiaráil infheistíocht WDC os cionn €7 milliún in infheistíocht bhreise sa réigiún in 2015. Le haghaidh gach euro a d'infheistigh WDC, giaráladh €4.50 eile d'fhiontair sa réigiún.

Trína phunann infheistíochta rathúil, thaispeáin an WDC a éifeachtaí atá sé maidir le tairbhí socheacnamaíocha suntasacha a sholáthar don rialtas trí thacú le fiontair agus le poist ar bhealach inbhuanaithe.

Léirítear i dtaighde a rinneadh¹ go dtacaíonn comhlachtaí Phunann WIF le fostaíocht breis is 5,000 duine ar leithdháileadh bliantúil státhchiste €3 mhilliún, ar an meán, thar thréimhse 10 mbliana. Tá 2,200 duine fostaíthe i gcomhlachtaí/tionscadail punainne. Tá ar a laghad an méid céanna arís fostaíthe i bpoist eile a eascraíonn astu sin, bunaithe ar iolraí dar suim a haon. Lena chois sin, in earnáil na turasóireachta tá an fhostaíocht ag fás mar gheall ar fheachtais éagsúla poiblíochta ar tacaíodh leo. Ba é €60 milliún an caiteachas bliantúil ar thuarastail agus pá, spreagthach an-suntasach don gheilleagar áitiúil agus aisiocadh €17 milliún de seo leis an státhchiste mar chánacha párolla.



Easpórtáiltear 65% de láimhdeachas na gcomhlachtaí seo, rud a chuidíonn leis an téarnamh mar gheall ar easpórtáil. Is táscaire an-suntasach eile é ar thionchar eacnamaíochta agus nuála an caiteachas €16m ar Thaighde agus Forbairt. Tá os cionn €190 milliún giaráilte d'fhiontair sa réigiún.



¹ Suirbhé ar chomhlachtaí punainne a rinneadh i R1 2014.

Fosta, cuid mhór de na tionscadail a dtacaítear leo, cruthaíonn siad díbhinn bhreise shóisialta trí áiseanna agus seirbhísí a bhfuil géarghár leo i bpobail áitiúla m.sh. cúram leanaí, tithíocht shóisialta, spás fiontraíochta, áiseanna spóirt agus fóillíochta.



Ní bhfuair WDC aon mhaoiniú ón státchiste don WIF ó 2010 agus braitheann sé go hiomlán ar a mhaoiniú rothlaithe le hinfheistíochtaí nua agus leantacha a dhéanamh. D'éirigh le WDC a shamhail Ciste Síorghlas inbhuanaithe a fhorbairt agus d'éirigh sé neamhspleách i dtaca le maoiniú infheistíochta de. Mar Chiste Síorghlas, athinfheistítear an t-airgead ar fad a athshaothraítear i bhfiontair i Réigiún an Iarthair.




Ba é 2015 an tríú bliain de Chiste Micri-lasachta WDC: Tionscail Chruthaitheacha. Tionscnamh 'Rochtain ar Mhaoiniú' é seo a forbraíodh ar bhonn póilíochta.


Is é aidhm an chiste ná tacú le tionscail chruthaitheacha, rud ar réimse acmhainneacht fáis atá ag forbairt laistigh den réigiún é, bunaithe ar thaighde fairsing an WDC. Is fadhb í rochtain ar airgeadas do na Tionscail Chruthaitheacha agus, mar sin, féachtar leis an bhfadhb seo a mhaolú tríd an gciste agus trí mheicníocht thráthúil, iomchuí maoinithe a sholáthar. Léirítear sa tionscnamh tiomantas an WDC d'fhás fiontar agus don bhéim a leagann sé ar inbhuanaitheacht agus ar fhás réigiúnach trí fhostaíocht, tríd an bhfiontraíocht agus tríd an onnmhairiú. Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an treoirhionscadal, cuireadh an ciste ar bun go buan.

In 2015 sholáthair WDC airgeadas idirlinne do roinnt tionscadail pobail chun tarraingt anuas chúnadh deontais Leader a éascú.





CUID 5



SEIRBHÍÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil, éifeachtach agus mar eagraíocht foghlama.



Agus í ina cuid thábhachtach dá spriocanna straitéiseacha, tá an WDC ag dréim le heagraíocht éifeachtúil éifeachtach a stiúradh a chloíonn le ceanglais reachtaíochta, le nuachóiriú na hearnála poiblí agus leis an dea-chleachtas ach cloí lena leanas:

Rialachas Corparáideach

Thug an bord faoina chuid gníomhaíochtaí agus é feasach ar an leagan athbhreithnithe den Chód Iompair do Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit arna leasú i mí na Bealtaine 2009.

Acmhainní Daonna

Trí rannpháirtíocht ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta an WDC, lean an eagraíocht dá thiomantas do chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus do chur chun feidhme Chomhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdúin.

Cúram Custaiméirí

Tá an WDC tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtúil chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí an WDC agus na bPrionsabal um Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí an WDC ar fáil ag: <http://www.wdc.ie/about-us/customer-charter/>

Tugtar suíomh gréasáin WDC chun dáta go rialta agus tugtar an t-eolas is deireanaí do chliant trí phreasráitis, foilseacháin agus aighneachtaí ar: www.wdc.ie. Níor tuairiscíodh ná níor taifeadh aon ghéaráin ó chustaiméirí in 2015.

Bainistíocht Airgeadais

Cuireann Córas an WDC um Bainistíocht Airgeadais ar chumas an Choimisiúin próiseas cuimsitheach buiséadaithe agus tuairiscithe airgeadais a oibriú agus cloí leis an dea-chleachtas faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Rinneadh trí iarratas ar fhaisnéis faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Láimhseáladh go rathúil leis na trí iarratas ar fad laistigh den sceideal ama agus laistigh de théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Ní raibh aon iarratas ag WDC faoin Acht um Chosaint Sonraí in 2015.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ghlac an WDC le *Scéim Teanga an WDC 2007-2010*. Foilsíodh an Scéim i mBéarla agus i nGaeilge agus tá sí ar fáil ar: www.wdc.ie

Táillí agus Speansais Boird

Sonraítear na sonraí uile faoi speansais agus táillí boird in Aguisín 3.

Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2015

Sonraítear na sonraí uile faoi thuarastal agus speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in Aguisín 4.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar mar a Chomhlíon WDC an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit sa bhliain 2015

1. Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe an WDC

Shínigh na páirtithe ábhartha uile na cóid iompraíochta ghnó do na stiúrthóirí agus na fostaithe uile agus cloíodh leo sa bhliain 2015.

2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Dearbhaím gur chloígh WDC le nósanna imeachtaí oiriúnacha le haghaidh iniúchadh inmheánach in 2015, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais. Tugadh faoin obair a leanas i ndáil le hiniúchadh inmheánach:

- (i) **Iniúchadh Inmheánach:** Chuir an tIniúcháir Inmheánach an Clár Oibre um Iniúchadh Inmheánach don bhliain 2015 i gcrích.
- (ii) **Coiste Iniúcháireachta an WDC:** Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huair le linn 2015 agus thug siad tuairisc ar a ngníomhaíocht do WDC.
- (iii) **Iniúchtaí an WDC:** Sa bhliain 2015, thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Iniúcháirí Seachtracha) faoi lániniúchadh airgeadais a bhain le ráitis airgeadais an WDC don bhliain 2015.

3. Soláthar

In 2015, chloígh WDC go hiomlán leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair mar atá leagtha amach i dTreoirínte Soláthair WDC agus i dTreoirínte um Sholáthar Rialtais 2004.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Ní raibh aon diúscairt sócmhainní thar an tairseach chomhaontaithe ag WDC sa bhliain 2015.

5. Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Caiteachas Caipitil

Ní bhaineann na treoirínte sin leis an WDC.

6. Pá Príomhfheidhmeannach agus Fostaithe Stáit

Chloígh WDC le treoirínte an Rialtais agus le socruithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus fostaithe in 2015.

7. Íocaíocht Táillí agus Speansais Stiúrthóirí

Chloígh WDC le treoirínte an Rialtais agus le socruithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le híocaíocht táillí Stiúrthóirí in 2015. Tugtar sonraí faoi na táillí agus na speansais chomhiomlána sin sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2015, agus í ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil.



9. Deimhním gur chloígh WDC go hiomlán leis na dlíthe iomchuí cánach agus a chuid oibleagáidí cánach sa bhliain 2015 agus nár tugadh tuairisc ar shaincheist ar bith.

Síniú:


Cathaoirleach WDC

Dáta:

30/03/2016



AGUISÍNÍ



AGUISÍN I

Comhaltaí Boird

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Comhaltaí

An tUasal Michael Frain

An Dr Deirdre Garvey

An tUasal Ann Higgins

An tUasal Paul Keyes

An tUasal Eugene Lavin

An tUasal Brendan Mooney * (resigned January 2015)

An tUasal Gerard Mullaney

An Dr Katie Sweeney

Coiste Iniúcháireachta

An Cathaoirleach

An tUasal Michael J. Morley

Comhaltaí

An tUasal Willie O'Brien

An tUasal Bernard O'Hara

An tUasal Gerard Mullaney

Painéal Comhairleach an Chiste

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Comhaltaí

An tUasal John Dillon

An Dr Katie Sweeney

An tUasal Gerard Barry

An tUasal Bairbre Meehan

An tUasal Deirdre Garvey

An tUasal Martina Minogue

AGUISÍN 2

Clár Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird 2015

Name	Fea	Már	Mei	Lúl	MF	Sam	Nol
An tUasal Paddy McGuinness	✓	✓	✓	✓	×	✓	✓
An tUasal Michael Frain	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An tUasal Ann Higgins	✓	✓	×	×	✓	✓	×
An tUasal Paul Keyes	✓	✓	×	✓	✓	✓	✓
An Dr Katie Sweeney	×	×	✓	✓	✓	✓	✓
An tUasal Eugene Lavin	✓	✓	✓	×	✓	✓	✓
An tUasal Gerard Mullaney	✓	✓	×	✓	✓	✓	✓
An tUasal Deirdre Garvey	✓	✓	✓	×	✓	✓	✓

AGUISÍN 3

Táillí agus Speansais Boird 2015



Táillí Boird agus Costais Taistil agus Chothaithe in		
Ainm	Táillí (€)	Taisteal agus Cothú (€)
An tUasal Paddy McGuinness	8,978	1,444
An tUasal Michael Frain	5,985	142
An tUasal Deirdre Garvey	0	779
An tUasal Ann Higgins	0	0
An tUasal Paul Keyes	5,985	0
An tUasal Eugene Lavin	5,985	0
An tUasal Brendan Mooney	328	0
An tUasal Gerard Mullaney	5,985	1,997
An Dr Katie Sweeney	0	417

AGUISÍN 4

Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tuarastal agus Speansais Taistil agus Chothaithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2015		
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Tuarastal	Taisteal agus Cothú
Ian Brannigan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)	€82,465	€11,955

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn an WDC scéim dámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais leis an scála tuarastail.



RÁITIS AIRGEADAIS A INIÚCHADH
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2015



CLÁR ÁBHAR

Eolas faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair	37
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	38
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	39
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais	40
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta	42
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	43
Ráiteas Staid Airgeadais	44
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	45
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	46

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR EOLAS

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Contae Mhaigh Eo

Comhaltaí

An tUasal Michael Frain

Contae Ros Comáin

An Dr Deidre Garvey

Contae Mhaigh Eo

An tUasal Ann Higgins

Contae Shligigh

An tUasal Paul Keyes

Contae Shligigh

An Dr Katie Sweeney

Contae Mhaigh Eo

An tUasal Brendan Mooney*

Contae Mhaigh Eo

An tUasal Eugene Lavin

Contae Mhaigh Eo

An tUasal Gerard Mullaney

Contae Shligigh

** Ar scor i mí Eanáir 2015*

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Bealach an Doirínn

Bainc-Aontas Éireann, Bóthar Thuama, Gaillimh

Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.


Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth, staid airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a shlánchoimeád agus as bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn cosc a chur le calaois agus le mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

An Cathaoirleach:



Paddy McGuinness

An Príomhfheidhmeannach (Gníomhach):



Ian Brannigan



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeáda, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas staid airgeadais, an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais i dtoll a chéile de réir na foirme a leagtar síos faoi Alt 22 den Acht, agus de réir cleachtas cuntasafóichta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltai an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais á réiteach, as cinntiú go dtugann siad léiriú fíor agus cothrom agus as rialtacht idirbheartaíochta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de chúram orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú maidir leo de réir an dlí is infheidhmithe.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticéil d'Iniúcháirí de chuid Bhord Cleachtaidh na nIniúcháirí.

Raon iniúchta na ráiteas airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi mhéideanna agus nochtadh faisnéise sna ráiteas airgeadais, sa chaoi is go mbeadh leordhóthain fianaise a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin. Cuimsítear leis seo measúnú orthu seo a leanas:

- féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasafóichta a rinneadh le linn réiteach na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

teastaíonn uaim, chomh maith, fianaise a fháil ar rialtacht idirbheartaíochtaí airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais:

- léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas le haghaidh 2015; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir an chleachtais cuntasafóichta a nglactar leis go ginearálta.

I mo thuairimse, ba leor taifid chuntasaíochta an Choimisiúin chun iniúchadh ceart scafánta a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscim le heisceacht

Tugaim tuairisc de réir eisceachta mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó má aimsím

- aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead ag obair chun na críocha dár beartaíodh é nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás go bhfaighim amach go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ina stiúradh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dtugtar tuairisc orthu trí eisceacht.

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
15 Nollaig 2016

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2015

1. Thar ceann Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.
2. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt, go slánchoimeádtar sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcoiscítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.
3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn rialú inmheánach airgeadais a sholáthar;
 - i. Tá bearta glactha ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm;
 - trí struchtúr eagraíochtúil atá mínithe go soiléir a bhunú;
 - le línte freagrachta sainithe; teorainneacha údaráis; scaradh dualgas agus údarás tarmligthe;
 - córas de nósanna imeachta airgeadais atá doiciméadaithe go soiléir;
 - trí mheicníochtaí tuairiscithe don lucht Bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus don Chathaoirleach agus don Bhord a bhunú.
 - ii. tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun fiontair ghnó a aithint agus a luacháil;
 - trí nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a bheidh ag an gCoimisiún a aithint;
 - trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh (mionmheasúnú riosca arna dhéanamh ag iniúcháirí inmheánacha);
 - trí oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go dtuigtear straitéis an Choimisiúin go soiléir.
 - iii. Úsáideann an Coimisiún Córas Bainistíochta Airgeadais inti a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú, agus a chinntiú go n-aithnítear agus go scrúdaítear agus go dtugtar aghaidh ar aon athraitheas buiséadach go pras. Ullmhaítear tuarascálacha míosúla buiséid agus caiteachais don lucht bainistíochta agus don Roinn.
 - iv. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun déileáil le himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó. Áirítear orthu seo;
 - ceadú Boird do bhuiséad bliantúil;
 - sraith nósanna imeachta airgeadais oibríochtúla atá sainmhínithe go soiléir;
 - nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mBord le haghaidh fheidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair; lena n-áirítear nósanna imeachta iarinfheistíochta.
 - teorainneacha údaraithe sainmhínithe, scaradh dualgas.

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH

AIRGEADAIS 2015 (Ar Lean)

- v. In 2015 bhí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais;
- a. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh, a seachfhóinsíodh agus a oibríodh de réir an phlean oibre iniúchta inmheánaigh, lenar áiríodh anailís riosca. Rinne an Coiste Iniúcháireachta an plan iniúchta agus an anailís riosca seo a fhorghuiniú. Thuairiscigh an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh don Choiste Iniúcháireachta maidir lena hathbhreithniú caiteachais agus léirigh an tuarascáil seo tuairim an iniúcháir inmheánaigh maidir le leorgacht agus le héifeachtacht chórais an rialaithe inmheánaigh airgeadais i gCoimisiún Forbartha an Iarthair.
- b. Is iad na foinsí faisnéise atá ag monatóireacht agus ag athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais;
- obair an iniúcháir inmheánaigh;
 - an coiste iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh);
 - feidhmeannas an Choimisiúin a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais;
 - tráchtairacht arna déanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním gur fhostaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair a Iniúcháir Inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith 2015. Rinne an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil an Iniúcháir Inmheánaigh a bhreithniú an 03/05/2016 agus bhreithnigh an Bord é freisin an 23/05/2016.



An Cathaoirleach:

Dáta:: 30/03/2015


RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDТА DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

		2015 €	2015 €	2015 €		2014 €
	Nóta	Coimisiún Forbartha an Iarthair	Ciste Infheistíochta an Iarthair	Clár an Fhorimill Thuaidh	Iomlán	Athluaite
Ioncam						
Deontas Oireachtais	2	1,251,925			1,251,925	1,381,297
Deontais AE	3			173,187	173,187	606,173
Ioncam eile	4	511,602			511,602	76,898
Aistriú chuig Clár an Fhorimill Thuaidh		(76,648)		76,648	0	0
Ioncam ó Infheistíocht	5		401,420		401,420	540,648
Glanchistíú larchurtha le haghaidh Pinsean	15	257,000			257,000	247,000
Ioncam Iomlán		1,943,879	401,420	249,835	2,595,134	2,852,016
Caiteachas						
Costais Oibriúcháin	6A/B	(1,982,163)	0	(130,910)	(2,113,073)	(1,986,740)
Barrachas/(Easnamh) oibriúcháin don bhliain		(38,284)	401,420	118,925	482,061	865,276
Méadú/(Laghdú) ar luach na sócmhainní airgeadais	7	0	1,687,973	0	1,687,973	137,569
Barrachas don bhliain roimh leithreasáí		(38,284)	2,089,393	118,925	2,170,034	1,002,845
Aistriú ó (chuig) an gCuntas Caipitil		(6,242)	0	0	(6,242)	5,921
Barrachas don bhliain tar éis leithreasáí		(44,526)	2,089,393	118,925	2,163,792	1,008,766
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		555,826	23,547,489	(891)	24,102,424	23,093,658
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		511,300	25,636,882	118,034	26,266,216	24,102,424

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí 1 go 18.



Paddy McGuinness: _____
Cathaoirleach



Ian Brannigan _____
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)


RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 3^I NOLLAIG 2015

	2015 €	Athluaite 2014 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	<u>2,163,792</u>	<u>1,008,766</u>
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí de bharr dhliteanais na scéime	100,000	147,000
Caillteanais ag eascairt de bharr athruithe ar thiomhdí	(1,120,000)	0
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin	<u>(1,020,000)</u>	<u>147,000</u>
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin	1,020,000	(147,000)
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain	<u>2,163,792</u>	<u>1,008,766</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad, an ráiteas polasaithe cuntasafochta agus na nótaí 1 go 18.

Paddy McGuinness: 
Cathaoirleach

Dáta: 13/12/2016

Ian Brannigan 
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)

Dáta:: 13/12/2016

RÁITEAS STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 3^I NOLLAIG 2015


	Nóta	2015 €	Restated 2014 €
Sócmhainní Seasta			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	9	12,129	5,887
Sócmhainní Airgeadais	10	25,636,882	23,547,489
		25,649,011	23,553,376
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		654,132	488,595
Infháltais	11	131,647	234,136
		785,779	722,731
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha	12	(156,445)	(167,796)
Glansócmhainní Reatha		629,334	554,935
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsin		26,278,345	24,108,311
Cistiú larchurtha Pinsin		3,577,000	2,300,000
Dlíteanais Phinsin		(3,577,000)	(2,300,000)
		26,278,345	24,108,311
Arna ionadú			
Ciste Infheistíochta	10	25,636,882	23,547,489
Deontais AE/CFT		118,034	(891)
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		511,300	555,826
Cuntas Caipitil	13	12,129	5,887
		26,278,345	24,108,311

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí 1 go 18.



Paddy McGuinness: _____
Cathaoirleach

Dáta: 13/12/2016 _____



Ian Brannigan _____
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)

Dáta: 13/12/2016 _____

RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Réiteach an Bharrachais/(Easnamh) chuig Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2015	2015	2015	2014	
	€	€	€	€	
Nóta	Coimisiún Forbartha an lathair	Coimisiún Infheistíochta an lathair	Clár an Fhorimill Thuaidh	lomlán Athluaite	
Farasbarr ioncain thar chaiteachas	(44,526)	401,420	118,925	475,819	856,835
Dímheas agus bearnú sócmhainní seasta	10,349			10,349	7,851
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	6,242			6,242	(5,921)
Aistriú chuig/(ó) CFT	76,648		(76,648)	0	0
Ús bainc		(16,788)		(16,788)	(55,291)
Díbhinní		(27,000)		(27,000)	0
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltas	102,489			102,489	(28,851)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	(11,351)			(11,351)	(228,527)
(Insreabhadh)/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	139,851	357,632	42,277	539,760	546,096
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta					
Íocaíochtaí chun trealamh cosanta pearsanta a fháil	(16,591)			(16,591)	(1,930)
Íocaíochtaí chun cothromas a fháil		(1,232,665)		(1,232,665)	(1,655,109)
Íocaíochtaí chun ionstraimí fiachais a fháil		(337,000)		(337,000)	(807,809)
Fáltais ó ionstraimí fiachais		1,970,649		1,970,649	1,235,153
Fáltais ó chothromas		1,613,191		1,613,191	362,188
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(16,591)	2,014,175	0	1,997,584	(867,507)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe					
Ús bainc faighte		16,788		16,788	55,291
Díbhinní faighte		27,000		27,000	0
Aistriú chuig CFT	(76,648)		76,648	0	0
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	(76,648)	43,788	76,648	43,788	55,291
Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	46,612	2,415,595	118,925	2,581,132	(266,120)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	315,724	4,146,293	172,871	4,634,888	4,901,008
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	362,336	6,561,888	291,796	7,216,020	4,634,888

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach

Ian Brannigan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Beartais Chuntasafóchta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasafóchta agus na mórbheartais chuntasafóchta arna nglacadh ag Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fad ar feadh na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998, le ceannoifig i dTeach an Diolúnaigh, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair mar atá leagtha amach i gcuid 8 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn, agus an fhorbairt sin a sholáthar, agus cabhrú léi, í a chothú agus a spreagadh.

Is eintiteas poiblí é Coimisiún Forbartha an Iarthair.

b) Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhmithe sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Seo í an chéad sraith ráitis airgeadais ag Coimisiún Forbartha an Iarthair a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é dáta an aistrithe go FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Athluadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin le haghaidh coigeartuithe ábhartha ar ghlacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Is féidir a thoradh sin a fheiceáil i Nóta 17. Riamh anall cuireadh cuntais loncaim agus Caiteachais ar leithligh le chéile maidir le Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ciste Forbartha an Iarthair agus Clár an Fhorimill Thuaidh. Níor ceadaíodh é sin faoi FRS 102. Mar thoradh air sin, le haghaidh 2015, níor cruthaíodh ach cuntas loncaim agus Caiteachais amháin.

c) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa faoi mar atá mínithe sna beartais chuntasafóchta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuireadh na beartais chuntasafóchta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag láimhseáil míreanna a mheastar a bheith ábhartha do ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair.

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhrúithe; eisceacht amháin air sin is ea Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáiltais airgid.

Ioncam ó Infheistíocht

Aithnítear ioncam ó infheistíocht sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sa chuntas Cúlchistí Coimeádta ar bhonn fabhrúithe. Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardú laghdaitheach agus aithnítear é thar thréimhse an chomhaontaithe. Aithnítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhonn fabhrúithe i gcás ina bhfuil an díbhinn dearbhaithe. Tá an t-ioncam ó dhíbhinní ar scaireanna tosaíochta leagtha síos i gcomhaontuithe dlíthiúla, agus íoctar é nuair a bhíonn dóthain cúlchistí indáilte ag na cuideachtaí. Aithnítear mar ioncam é nuair a leagtar síos ceart Choimisiún Forbartha an Iarthair íocaíocht a fháil.

Táillí Socraithe agus Bainistíochta

Aithnítear agus coimeádtar na táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Maidir le gach forchostas a bhaineann le hoibriúchán Chiste Infheistíochta an Iarthair cuirtear de mhuirear ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta an Choimisiúin iad.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

Aithint Gnóthachan agus Caillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas a réadaíodh mar thoradh ar dhíol infheistíochtaí, nó díscríobh infheistíochtaí cothromais nó iasachtaí sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus i gcuntas na gCúlchistí Coimeádta nuair a thabhaítear iad.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas nár réadaíodh mar thoradh ar athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí mar seo a leanas. Má tá Coimisiún Forbartha an Iarthair den tuairim go bhfuil an luach infheistíochta imithe faoi bhun an luacha carraeireachta, déantar soláthar agus cuirtear de mhuirear ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais é. Aithnítear gnóthachain nár réadaíodh i ngeall ar athluacháil infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais sa chás inar féidir luach cóir na hinfeistíochta a mheas go hiontaofa.

Aithnítear díscríobh de thoradh bearnú sa chuntas loncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal “Toradh ar an gCiste Infheistíochta agus Gnóthachain Imeachta”.

Is ar bhonn cuntas fabhrúithe a aithnítear ioncam eile.

e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímhéas carntha, arna gcoigeartú d’aon soláthar i gcomhair bearnú. Tugtar dímhéas ar gach maoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhéanfaidh díscríobh ar chostas gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

(i) Daingneáin agus Feistis 15% in aghaidh na bliana

(ii) Ríomhairí 33% in aghaidh na bliana

f) Sócmhainní Airgeadais

De réir Alt 34 de FRS 102, feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí lamhálaits eintiteas um shochar poiblí (iasachtaí a bhronntar ar mhaithe le cuspóirí Choimisiúin Forbartha an Iarthair a chur chun cinn). Aithnítear iasachtaí ar dtús sa Ráiteas Staid Airgeadais ag an tsuim a eisítear don chliantchuideachta. Déantar athbhreithniú bliantúil ar na hiasachtaí ina dhiaidh sin le feiceáil cibé an bhfuil aon bearnú iontu agus aithnítear aon chaillteanas sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

Infheistíochtaí Neamhluaite

Tá na hinfeistíochtaí ar fad i gcuideachtaí neamhluaite. Nuair is féidir luaitear infheistíochtaí dá leithéid ag an luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a d’fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe.

I gcásanna nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar an infheistíocht a luacháil ag an gcostas mura mbíonn fianaise ann gur bearnaíodh é seo.

Sócmhainní Airgeadais Eile – Iasachtaí

Taispeántar iasachtaí ag luach na hiasachta gan íoc ach amháin má mheasann Coimisiún Forbartha an Iarthair gur mheath creidmheasacht an iasachtaí ar bhealach go bhfuil amhras tromchúiseach ann cibé an féidir an iasacht a ghnóthú. I gcásanna dá leithéid déantar an iasacht a luacháil ag a glanluach inréadaithe ionchais.

g) Infhálaits

Aithnítear infhálaits ag a luach cóir, lúide soláthar i gcomhair fiachas amhrasach. Is soláthar sonrach é an soláthar i gcomhair fiachas amhrasach, agus leagtar síos é nuair atá fianaise chuspóireach ann nach mbeidh Coimisiún Forbartha an Iarthair in ann na suimeanna go léir atá le híoc leis a bhailiú. Aithnítear gluaiseachtaí sa soláthar i gcomhair fiachas amhrasach sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

h) CFT

Tá Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT) ina chlár ciste forbartha réigiúnaí de chuid an AE faoi shnáithe Interreg. Chomhoibrigh Coimisiún Forbartha an Iarthair le CFT ar raon tionscadal forbraíochta réigiúnaí ar cuireadh tús leo in 2009 agus atá fós ar siúl (i measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí tionscadail Bhithfhuinnimh ar nós RASLRES agus BioPAD agus tionscadail geilleagair chruthaithigh mar Creative EDGE agus Creative momentum).

Tagann 60% de chistiú CFT ón Aontas Eorpach agus tagann an 40% eile ó Choimisiún Forbartha an Iarthair. Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair na héilimh go díreach chuig rúnaíocht chomhlacht interreg CFT agus é ag feidhmiú thar ceann chomhpháirtíocht leathan an tionscadail. Roimhe sin deimhníonn rialtóir náisiúnta céadleibhéil na costais i gcomhair comhlíonadh agus a luaithe is a bheidh deimhniú caiteachais eisithe ag an gcomhlacht seo déanann rúnaíocht CFT an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Déantar éilimh a sceidealú gach sé mhí, ach tugtar faoi deara gurb é an t-aga tionscanta i gcomhair próiseála ag an CFT ná idir 12 mhí agus 18 mí.

Mar chuid den phróiseas sin tá Coimisiún Forbartha an Iarthair faoi réir iniúchadh tréimhsiúil an AE.

Aithnítear ioncam ar bhonn cuntas infhála. Áirítear mar ioncam fabhráithe ioncam atá dlite maidir le caiteachas a tabhaíodh, nuair nár cuireadh isteach an t-éileamh gaolmhar.

i) Sochair Fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha mar phá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhí scéim pinsin le sochar sainithe dá cuid féin i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair roimhe seo, a bhí á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a bhí ar fáil dó ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail na foirne agus na mball. Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Phoiblí ("Scéim Aonair") freisin, ar scéim le sochar sainithe í le haghaidh fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar ar ais leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam sa mhéid agus gur féidir é a fháil ar ais, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag a luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsean Choimisiún Forbartha an Iarthair agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta creidmheasa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáochta Thábhachtacha

Nuair a ullmhaítear na ráitis airgeadais bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar chomh casta is atá cúrsaí meastacháin fágann sé go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Sócmhainní Airgeadais Neamhthrádálte

Cinntear luach na sócmhainní airgeadais nach dtrádáiltear i margaí gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid. Úsáideann Coimisiún Forbartha an Iarthair a bhreithiúnas chun modhanna éagsúla a roghnú agus déanann sé toimhdí atá bunaithe den chuid is mó ar shonraí inbhraite agus ar dhálaí a bhíonn i réim ar gach dáta tuairiscithe.

Bearnú iasachtaí

Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair athbhreithniú iomlán críochnúil ar a phunann iomlán iasachtaí ag gach dáta den chláir chomhardaithe chun a chinneadh cibé an bhfuil fianaise chuspóireach ann go bhfuil aon cheann dá chuid iasachtaí bearnaithe. Déantar measúnú ar iasachtaí de réir gach iasachta. Déantar soláthar maidir le hiasachtaí nuair atá amhras suntasach agus fíor ann maidir le hinbhailitheacht na suime atá gan íoc. Ina theannta sin, má tharlaíonn sé, i rith na bliana, go bhfuil fianaise chuspóireach ann go bhfuil aon iasacht aonair bearnaithe ann, aithneofar caillteanas sonrach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreochtaí maidir le costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí geilleagracha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leo seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta aschuir ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2. Deontais Oireachtais

	2015	2015	2014	2014
Nóta	€	€	€	€
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25 Fochearnteideal E.7)	1,282,968		1,413,309	
Ranníocaíochtaí Fostaithe Pinsean	(31,043)		(32,012)	
Deontas Oibriúcháin*		1,251,925		1,381,297

3. Ioncam AE

	2015	2015	2014	2014
Nóta	€	€	€	€
Ioncam AE dlite maidir le 2015		173,187		606,173

Is clár ciste forbartha réigiúnaí de chuid an AE faoi shnáithe Interreg é Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT).

Cuireann an tAontas Eorpach (AE) 60% den mhaoiniú ar fáil agus cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair an fuilleach 40% ar fáil.

4. Ioncam eile

	2015	2015	2014	2014
Nóta	€	€	€	€
An Roinn Ealaíon – Yeats 2015		423,102		76,898
Eile – Yeats 2015		88,500		-
		511,602		76,898

5. Ioncam ó Infheistíocht

	2015	2015	2014	2014
Nóta	€	€	€	€
Ús iasachta faighte		328,324		460,345
Díbhinní ar infheistíocht		27,000		
Ús ar thaiscí faighte		16,788		55,291
Táillí socraíochta		29,308		25,012
		401,420		540,648

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6A. Costais Oibriúcháin

– Coimisiún Forbartha an Iarthair

		2015	2014
	Nóta	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)		708,540	822,487
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		49,540	51,823
Costais Phinsin	15A	238,957	227,988
Oiliúint agus Forbairt		4,754	15,504
Caidreamh Poiblí (feachtas LookWest san áireamh)		6,453	3,814
Táillí Gairmiúla (feachtas LookWest san áireamh)		80,730	43,514
Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair		11,064	30,416
Earcaíocht Foirne		21,687	0
Comhaltaí Boird			
Taisteal agus Cothú	6D	4,479	5,215
Táillí	6D	33,246	36,282
Cruinnithe agus Seimineáir		11,550	4,674
Fochoistí an Bhoird/Painéil Chomhairleacha			
Taisteal agus Cothú		5,022	5,749
Priontáil agus Dearadh		12,229	11,367
Speansais Oifige		39,033	34,907
Solas agus Teas		5,034	5,960
Deisiúcháin agus Cothabháil		12,161	14,775
Árachas		6,606	6,125
Táille Iniúchta		10,000	9,000
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		24,995	14,047
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní (feachtas LookWest san áireamh)		122,928	113,709
Yeats 2015		545,709	76,898
Teileachumarsáid		16,847	19,768
Dímheas	9	10,349	7,851
Speansais Éagsúla		250	688
Brabús/Caillteanas ar Dhiúscairtí		0	0
		1,982,163	1,562,561

Is é Coimisiún Forbartha an Iarthair a d'foc as Pá agus Tuarastail a bhain le Deontais EU/NPP

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6b. Costais Oibriúcháin

– Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT)

	2015	2014
	€	€
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann	21,700	35,982
Taisteal agus Cothú – an Bord	84	0
Táillí Gairmiúla	7,667	88,392
Earcaíocht Foirne	799	0
Cruinnithe agus Comhdhálacha	3,225	2,273
Priontáil	5,395	364
Cothabháil TF	923	923
Cur Chun Cinn agus Foilseacháin	582	1,347
Speansais Oifige	3,666	1,063
Íocaíochtaí le Comhpháirtithe sa tionscadal um Chur Chuige Réigiúnach i leith Réitigh Fuinnimh In-athnuaite, íocaíochtaí comhpháirtí AE	86,869	293,835
	130,910	424,179

Ní dhearnadh aon phá ná tuarastail a bhain le NPP a mhuirearú ar na ráitis airgeadais.

6c. Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird, €132,145 (2014: €123,654).

6d. Táillí agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

	2015	2015	2014	2014
	€	€	€	€
	Táillí	Taisteal & Cothú	Táillí	Taisteal & Cothú
An tUasal Paddy McGuinness	8,978	1,144	8,978	1,432
An tUasal Michael Frain	5,985	142	5,127	223
An tUasal Paul Keyes	5,985	0	4,827	0
An Dr Katie Sweeney	0	417	0	507
An tUasal Brendan Mooney	328	0	5,127	873
An tUasal Eugene Lavin	5,985	0	3,108	0
An tUasal Gerard Mullaney	5,985	1,997	3,108	655
An tUasal Deirdre Garvey	0	779	0	0
An tUasal Jim Devenney	0	0	858	0
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	0	0	858	0
An Comh. Mary Hoade	0	0	858	0
An tUasal Martina Minogue	0	0	858	501
An tUasal Neville Bagnall	0	0	858	0
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	0	0	0	957
An tUasal Gerald O'Connor	0	0	858	0
An tUasal Vincent Roche	0	0	858	67
	33,246	4,479	36,282	5,215

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6e. Tuarastal an POF

	2015	2015	2014	2014
	€	€	€	€
	Tuarastal	Taisteal & Cothú	Tuarastal	Taisteal & Cothú
An tUasal Ian Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach agus Ceann Forbartha Réigiúnaí) 16 Eanáir 2014	82,465	11,955	75,687	6,470

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh (Ard) sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht Níor íocadh aon íocaíochtaí bónais leis na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin. Is gnáthbhall de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair é Ian Brannigan agus ní sháraíonn a chuid teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí a leagtar síos i scéim aoisliúntais scéim sochair shainithe na hearnála poiblí.

6f. Raon na sochar iomlán d'fhostaithe

	2015	2014
	€	€
€60,000 – €69,999	1	1
€70,000 – €79,999	0	1
€80,000 – €89,999	2	1
€90,000 – €99,999	0	0

6g. Tobhach Pinsin

In 2015 baineadh €37,130 ó bhaill foirne chun íoc as an tobhach pinsin (2014: €37,130) agus íocadh an tsuim sin leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

7. Athrú ar luach na sócmhainní airgeadais

	2015	2014
	€	€
Athrú ar an soláthar i gcoinne iasachtaí	523,907	9,700
Coigeartuithe ar an luach cothromais (méaduithe luacha chóir, díscríobh, agus gluaiseacht sa soláthar i gcomhair bearnaithe)	(2,211,880)	(147,269)
Glanghluaiseacht ar luach na sócmhainní airgeadais	(1,687,973)	(137,569)

8. Áitribh

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair lonnaithe i dTeach an Diolúnaigh, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin agus atá faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá an foirgneamh saor ó chíos agus ní áirítear aon soláthar sna cuntais i gcomhair cíosa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

9. Sócmhainní Seasta

	2015	2014
	€	€
Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir	175,353	173,423
Breiseanna sa Bhliain	16,591	1,930
Diúscairtí	(24,739)	0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	167,205	175,353
Dímheas Carntha	169,466	161,615
Muirear don tréimhse	10,349	7,851
Diúscairtí	(24,739)	0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	155,076	169,466
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig	12,129	5,887

Is éard atá i Sócmhainní Seasta Daingneáin agus Feistis ar a bhfuil Glanluach Leabhar €424 (2014: €778) agus Trealamh Ríomhaire le Glanluach Leabhar €11,705 (2014: €5,109)

10a. Sócmhainní Airgeadais

	2015	2014
	€	€
Infheistíochtaí Cothromais ag luach cóir	7,692,856	5,300,051
Infheistíochtaí Cothromais ag costas	6,302,999	6,864,449
lasachtaí	5,079,138	7,236,695
Ioncam ó tháillí	289,522	260,214
Iarmhéid airgid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta	6,272,367	3,886,079
	25,636,882	23,547,489

10b. Infheistíochtaí Cothromais agus lasachtaí

	2015	2014
	€	€
Costas		
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir	22,768,534	22,835,365
Breiseanna	1,569,665	2,462,918
Diúscairtí Cothromais agus Aisíocaíochtaí lasachtaí	(3,583,840)	(1,596,742)
Díscríobh	(2,465,366)	(933,007)
Costas amhail an 31 Nollaig	18,288,993	22,768,534
Soláthar le haghaidh Laghdú ar Luach/Athluachálacha		
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	3,367,338	4,437,315
Gluaiseacht i Soláthar/Athluachálacha	(4,153,338)	(1,069,977)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	(786,000)	3,367,338
Luacháil amhail an 31 Nollaig		
Cothromas	13,995,855	12,164,501
lasachtaí	5,079,138	7,236,695
	19,074,993	19,401,196

10c. Ioncam ó tháillí

	2015	2014
	€	€
Ioncam ó tháillí amhail an 1 Eanáir	260,214	235,202
Ioncam ó tháillí sa tréimhse	29,308	25,012
Úsáidte sa tréimhse		
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	289,522	260,214

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10d. Iarmhéideanna airgid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta

	2015	2014
	€	€
Iarmhéideanna airgid amhail an 1 Eanáir	3,886,079	4,236,020
Diúscairtí cothromais/aisíocaíochtaí iasachtaí sa tréimhse	3,583,840	1,596,742
Suimeanna athinfheistithe i gcothromas/iasachtaí sa tréimhse	(1,197,552)	(1,946,683)
Iarmhéideanna airgid amhail an 31 Nollaig	6,272,367	3,886,079

11. Infháiltais

	2015	2014
	€	€
Féichiúnaithe	30,500	0
Réamhíocaíochtaí	3,618	2,756
Deontais AE/Deontais CFT Infhaighte	97,529	231,380
	131,647	234,136

12. Suimeanna Iníochta

	2015	2014
	€	€
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	156,445	145,813
Ioncam larchurtha	0	21,983
	156,445	167,796

13. Cuntas Caipitil

	2015	2015	2014	2014
	€	€	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		5,887		11,808
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
- Cistí leithdháilte le Sócmhainní Seasta a fháil	16,591		1,930	
- Suim a scaoileadh ar dhiúscairt	0		0	
- Suim amúchta de réir dímheas sócmhainne	(10349)		(7851)	
		6,242		(5921)
		12,129		5,887

14. Ceangaltais Amach Anseo – WIF

	2015	Athluaite
	€	2014
Ceangaltais Tosaigh	2,602,831	1,871,740
Ceaduithe	2,483,854	3,264,895
Dícheangaltais	(1,113,216)	(20,886)
Íocaíochtaí Amach	(1,569,665)	(2,512,918)
Ceangaltais Deiridh	2,403,804	2,602,831

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

15. Costais Sochair Scoir

a) Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a cuireadh chun dochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta

	2015	2014
	€	€
Costais na seirbhíse reatha	140,000	140,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	130,000	120,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(31,043)	(32,012)
	<u>238,957</u>	<u>227,988</u>

b) Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir sa bhliain airgeadais

	2015	2014
	€	€
Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail 1 Eanáir	(2,300,000)	(2,200,000)
Costais na seirbhíse reatha	(140,000)	(140,000)
Costas úis	(130,000)	(120,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(1,020,000)	147,000
Pinsin a íocadh sa bhliain	13,000	13,000
Glan-oibleagáidí sochair scoir an 31 Nollaig	<u>(3,577,000)</u>	<u>(2,300,000)</u>

c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don fhiachas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir bunaithe ar an tacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus i bhfianaise roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear leis na teagmhais sin an bunús reachtúil chun an scéim sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc as méideanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas a bhí an glan-mhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta:

	2015	2014
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	270,000	260,000
Deontas Stáit a caitheadh le sochair scoir a íoc	(13,000)	(13,000)
	<u>257,000</u>	<u>247,000</u>

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir an 31 Nollaig 2015 agus €3.577m (2014: €2.3m).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2015	2015	2013	2012
	€	€	€	€
Oibleagáidí sochair scoir	3,577,000	2,300,000	2,200,000	2,100,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéim sochair shainithe	1,020,000	(147,000)	(147,000)	(267,000)
Céatadán de dhliteanais an phlean	29%	6%	7%	13%

e) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim aoisliúntais neamh-mhaoinithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a éiríonn faoin Scéim as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta iad, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina mbíonn siad infíochta.

Is socrú críochnúil faoi thuarastal pinsin le sochar sainithe atá sa Scéim. Dá réir, déantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin “shamplacha” reatha i scéimeanna san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an Scéim pinsin (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é atá i gceist le Gnáthaois Scoir an lá a sroicheann an ball 65 bliain d’aois, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal imeacht ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid go ginearálta ar bhonn lánroghnach i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, beidh iontrálaithe nua ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Tugann sé sin sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluacháilte ag teacht le méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha leis an aois a fhaigheann duine an Pinsean Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas i leith bhaill foirne ar fónamh, ar scor agus iarchurtha an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2015.

Thug achtúire cáilithe neamhspleách faoin luacháil sin ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaoíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 - Sochair Scoir (FRS 102). I measc na bpríomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh, bhí:

	2015	2014
	€	€
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.50%	4.00%
Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir á n-íoc	2.50%	4.00%
Ráta lascaine	2.35%	5.50%
Ráta boilscithe	1.75%	2.00%
Meánionchais saoil sa todhchaí	2015	2014
	€	€
Fear atá 65 bliain d’aois	22 years	22 years
Bean atá 65 bliain d’aois	25 years	25 years

16. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

17. Aistriú go FRS 102

Is iad seo na chéad Ráitis Airgeadais a chloíonn le FRS 102.

D'aistrigh an t-aonán go FRS 102 an 1 Eanáir 2014.

Réiteach Caipitil agus Cúlchistí	amhail an 01/01/14 €	amhail an 31/12/14 €
Caipiteal agus Cúlchistí mar a luadh roimhe seo	23,119,827	24,120,167
Fabhrú pá saoire	(14,361)	(11,856)
Caipiteal agus Cúlchistí (mar atá athluaite)	<u>23,105,466</u>	<u>24,108,311</u>


Réiteach an Bharrachais don bhliain airgeadais	2014 €
Barrachas don bhliain mar a luadh roimhe seo	104,597
Fabhrú pá saoire	2,505
	<u>107,102</u>

Ní dhearna Coimisiún Forbartha an Iarthair fabhrú roimhe seo le haghaidh pá saoire a thuill fostaithe nach raibh leas bainte as ar an dáta tuairiscithe. Faoi FRS102, ní mór fabhruithe den sórt sin a aithint sna ráitis airgeadais.

Is é toradh an athraithe sin ná méadú €14,361 ar shuimeanna iníoctha ar an dáta aistrithe agus €11,856 amhail an 31 Nollaig 2014. Laghdaítear an barrachas €14,361 sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 agus méadaítear €2,505 é sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

18. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais seo lena n-eisiúint an 13/12/2016




GIORRÚCHÁIN



GIORRÚCHÁIN

CEDRA	An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
DHS	Scéim Téimh Ceantair
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
FTE	Coibhéis Lánaimseartha
GREBE	Fiontar Gnó um Fhuinneamh In-athnuaite a Ghiniúint
RDP	Athbhreithniú ar an gClár um Fhorbairt Tuaithe
SME _{na}	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair
WIF	Ciste Infheistíochta an Iarthair





Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie